2025/927

31.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/927 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Bealtaine 2025

lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart margadhbhunaithe domhanda a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28c de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar gníomhaíochtaí eitlíochta a áireamh sa chóras i ndáil le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas ('CTA AE') a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE.

(2) Leasaíodh Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun foráil a dhéanamh maidir le rannchuidiú méadaithe na heitlíochta le sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus chun an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a chur chun feidhme go hiomchuí. Leis an leasú sin, coinnítear ar bun raon feidhme CTA AE le haghaidh eitiltí laistigh den Eoraip go dtí 2026 agus cuirtear CORSIA i bhfeidhm maidir le heitiltí oibreoirí aerárthaigh atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), seachas eitiltí laistigh de LEE agus eitiltí idir LEE agus an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

(3) Tá CORSIA i bhfeidhm ó bhí 2019 ann chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Tá sé beartaithe go mbeidh sé ina bheart margadhbhunaithe a chuirfear i bhfeidhm go domhanda arb é is aidhm dó astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin eitlíochta idirnáisiúnta a fhritháireamh ó mhí Eanáir 2021.

(4) An 27 Meitheamh 2018, ghlac Comhairle EESI an chéad eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh an 7 Nollaig 1944, lena mbunaítear na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Chomhshaoil le haghaidh CORSIA (caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta CORSIA). Tá CORSIA á chur chun feidhme ag an Aontas agus na Ballstáit de réir mar is iomchuí ó thús thréimhse 2021-2023, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle ([3]). Ghlac EESI an Dara hEagrán de chaighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta CORSIA an 20 Márta 2023. Tháinig éifeacht leis an 31 Iúil 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir leis an bhfógra a thabhairt faoi rannpháirtíocht shaorálach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ón 1 Eanáir 2021 agus an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023 (IO L 212, 3.7.2020, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/954/oj).

(5) De bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE, glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún ([4]) chun rialacha CORSIA maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta a chur chun feidhme go sealadach. Leasaíodh Treoir 2003/87/CE ina dhiaidh sin chun CORSIA a chur chun feidhme go hiomchuí i ndlí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha sealadacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 a thabhairt cothrom le dáta chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha is déanaí a leagtar amach i dTreoir 2003/87/CE. Chun an t-ailíniú sin a dhéanamh, is gá rialáil iomchuí a dhéanamh ar fhaireachán, tuairisciú agus fíorú ar úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA agus ar chur ar ceal aonad astaíochtaí le haghaidh frithdíreamh faoi CORSIA. I bhfianaise mhéid na modhnuithe agus ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán seo a chur in ionad Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603.

(6) Tá feidhm ag socruithe chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí chomh maith le fíorú tuarascálacha astaíochtaí, chun críocha CTA AE, i gcomhréir le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ([5]) agus (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún ([6]). Ar chúiseanna éifeachtúlachta riaracháin agus chun costais chomhlíonta a íoslaghdú d'oibreoirí, is iomchuí na forálacha céanna a chur i bhfeidhm maidir le CORSIA EESI a chur chun feidhme, agus rialacha éagsúla á leagan síos sa Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí.

(7) Chun ailíniú leis na hionstraimí ábhartha arna nglacadh ag EESI a áirithiú agus chun aon saobhadh iomaíochta a sheachaint, seachas na heitiltí idirnáisiúnta a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le heitiltí a imíonn ó aeradróm nó a thagann isteach in aeradróm atá lonnaithe i gceann de na tíortha nó de na críocha thar lear, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart é a bheith indéanta baisc breosla eitlíochta malartach a dheimhniú faoi roinnt scéimeanna má chomhlíonann sé na critéir le haghaidh gach ceann de na scéimeanna sin. Chun éileamh dúbailte a chosc, ba cheart d'oibreoirí aerárthaigh dearbhú a chur isteach ina liostaítear na scéimeanna gás ceaptha teasa uile a nglacann siad páirt iontu, lena ndeimhnítear nach dtuairiscítear aon mhéid den bhreosla eitlíochta malartach níos mó ná uair amháin. Go sonrach, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 tugadh isteach prionsabal na comhréireachta le haghaidh na rialacha tuairiscithe maidir le breoslaí eitlíochta malartacha a úsáid. I gcás nach féidir breoslaí eitlíochta malartacha a shannadh go fisiceach ag aeradróm d'eitilt shonrach, ba cheart don oibreoir aerárthaigh an breosla a thuairisciú faoi CTA AE i gcomhréir lena astaíochtaí ar eitiltí a chumhdaítear le CTA AE. Sa chás sin, ba cheart don oibreoir aerárthaigh a bheith in ann na breoslaí eitlíochta malartacha atá fágtha faoi CORSIA a thuairisciú agus a éileamh.

(9) Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit sonraí ábhartha a tharchur chuig Rúnaíocht EESI de réir na n-amlínte a leagtar amach sa Rialachán seo. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an liosta oibreoirí aerárthaigh atá á riar acu chomh maith leis an liosta fíoraitheoirí a fuair creidiúnú CORSIA ón gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe sa Bhallstát sin a chur isteach. Ina theannta sin, chun fachtóir fáis bhliantúil na hearnála a ríomh ag Rúnaíocht EESI, ba cheart do na Ballstáit sonraí astaíochtaí fíoraithe a tharchur maidir le heitiltí idirnáisiúnta uile na n-oibreoirí aerárthaigh atá á riar acu. Ní shainítear sa tuairisciú sin an méid astaíochtaí a úsáidtear chun ceanglais frithdíreamh CORSIA a ríomh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún ([7]). Thairis sin, ag deireadh gach tréimhse CORSIA, ba cheart do na Ballstáit sonraí fíoraithe ábhartha a tharchur chuig Rúnaíocht EESI freisin maidir le cur ar ceal aonad astaíochtaí arna chur i gcrích ag oibreoirí aerárthaigh atá á riar acu.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart margadhbhunaithe domhanda a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1603/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais frithdíreamh a ríomh chun críoch CORSIA (IO L, 2024/1879, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1879/oj).

(10) Chun na ceanglais fritháirimh deiridh a ríomh chun críoch CORSIA le haghaidh 2024 de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879, tá na Ballstáit le haon laghdú ar bhreoslaí incháilithe CORSIA a úsáidtear in 2024 a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí agus úsáid breoslaí incháilithe CORSIA a tharla ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann.

(11) Chun cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú go tráthúil, ba cheart dó teacht i bhfeidhm gan mhoill.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaigh a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(6), an tríú agus an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/87/CE.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na heitiltí idirnáisiúnta seo a leanas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879, a dhéanann an t-oibreoir aerárthaigh sin le linn na tréimhse tuairiscithe agus as a bhfuil an t-oibreoir aerárthaigh freagrach:

(a) eitiltí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;

(b) eitiltí a imíonn ó aeradróm nó a thagann isteach in aeradróm atá suite i gceann de na tíortha agus de na críocha thar lear a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaigh is iontrálaithe nua ón mbliain tar éis dó na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(6), an tríú agus an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/87/CE a chomhlíonadh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'breosla incháilithe CORSIA' breosla eitlíochta atá deimhnithe mar bhreosla incháilithe CORSIA (an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta) le scéimeanna deimhniúcháin inbhuanaitheachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) ciallaíonn 'aonad astaíochtaí' aonad astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11a(1) de Threoir 2003/87/CE chun críoch Airteagal 12(9) den Treoir sin;

(3) ciallaíonn 'clár aonad astaíochtaí' clár a sholáthraíonn na haonaid astaíochtaí.

Airteagal 3

An Ballstát Riaracháin

1. Oibreoir aerárthaigh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún ([8]), tuairisceoidh sé a astaíochtaí dá Bhallstát riaracháin a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2009 maidir le liosta na n-oibreoirí aerárthaí a rinne gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE an 1 Eanáir 2006 nó ina dhiaidh sin, lena sonraítear an Ballstát riaracháin do gach oibreoir aerárthaí (IO L 219, 22.8.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/748/oj).

2. Tuairisceoidh oibreoir aerárthaigh nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 don Bhallstát a d'eisigh a dheimhniú aeroibreora nó, i gcás nach bhfuil deimhniú aeroibreora ag oibreoir aerárthaigh, don Bhallstát ina bhfuil a áit chlárúcháin bhreithiúnaigh ag an oibreoir aerárthaigh sin.

3. Faoin 30 Samhain gach bliain, cuirfidh na Ballstáit liosta d'oibreoirí aerárthaigh atá á riar acu faoi bhráid Rúnaíocht na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) de bhun mhír 1 nó 2, nó, i gcás inarb ábhartha, liosta nuashonraithe.

Airteagal 4

Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí

Déanfaidh oibreoirí aerárthaigh faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí ó eitiltí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo agus beidh siad faoi réir na gceanglas céanna leo siúd a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 5

Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar bhreoslaí incháilithe CORSIA

1. Oibreoir aerárthaigh a bhfuil sé beartaithe aige laghduithe ar úsáid breoslaí incháilithe CORSIA a éileamh i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879, déanfaidh sé faireachán agus tuairisciú ar chainníocht na mbreoslaí incháilithe CORSIA íona arna gceannach (arna sloinneadh i dtonaí).

2. Chun breoslaí incháilithe CORSIA a thuairisciú, beidh oibreoirí aerárthaigh faoi réir na gceanglas céanna leo siúd a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, cé is moite d'Airteagal 53a, Airteagal 54a agus 54c den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

3. I gcás nach ndeimhnítear breosla eitlíochta mar bhreosla incháilithe CORSIA, ní chuirfear san áireamh é mar bhreosla incháilithe CORSIA agus measfar gur breosla eitlíochta iontaise é mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066.

4. Cinnfidh oibreoirí aerárthaigh cainníocht iomlán na mbreoslaí incháilithe CORSIA a úsáideadh trí aon bhreosla incháilithe CORSIA a ceannaíodh le tríú páirtithe a bhaint de chainníocht iomlán na mbreoslaí incháilithe CORSIA a díoladh le tríú páirtithe.

5. Cuirfidh oibreoirí aerárthaigh dearbhú i gceangal lena dtuarascáil astaíochtaí bhliantúil atá le cur isteach de bhun Airteagal 68(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ina liostaítear na scéimeanna gás ceaptha teasa uile ina bhfuil siad rannpháirteach i gcás ina bhféadfar laghduithe ar úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA nó breoslaí eitlíochta malartacha eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (23b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a éileamh, ina ndeimhneoidh siad nach ndearnadh aon éileamh maidir leis na baisceanna céanna breoslaí incháilithe CORSIA faoi na scéimeanna eile sin.

6. Tuairisceoidh oibreoirí aerárthaigh ar úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil atá le cur isteach de bhun Airteagal 68(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066. Tuairisceoidh oibreoirí aerárthaigh an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach breosla incháilithe CORSIA a cheannófar faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe:

(a) an cineál breosla, lena n-áirítear an cineál breosla, bunábhair agus próisis tiontaithe;

(b) mais iomlán na mbreoslaí incháilithe CORSIA íona a éilítear (arna sloinneadh i dtonaí) in aghaidh an chineáil breosla;

(c) luachanna astaíochtaí saolré;

(d) laghduithe a éilítear ó úsáid gach breosla incháilithe CORSIA mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879;

(e) iomlán na laghduithe a éilítear ó úsáid bhreoslaí incháilithe uile CORSIA.

7. Chomh maith leis sin, déanfaidh oibreoirí aerárthaigh an fhaisnéis fhorlíontach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an laghdú a éilítear ó úsáid gach breosla incháilithe CORSIA a chur i gceangal leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil atá le cur isteach de bhun Airteagal 68(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066.

8. Áiritheoidh oibreoirí aerárthaigh go mbeidh sé de cheart acu, nó ag a n-ionadaí ainmnithe, iniúchadh a dhéanamh ar na taifid táirgeachta le haghaidh aon bhreosla incháilithe CORSIA a cheannaigh siad.

Airteagal 6

Fíorú sonraí maidir le hastaíochtaí agus breoslaí incháilithe CORSIA

1. Beidh fíorú na sonraí astaíochtaí atá le tuairisciú de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo, agus creidiúnú na bhfíoraitheoirí a dhéanann an fíorú sin, faoi réir na gceanglas céanna leo siúd a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, fíoraitheoirí a dhéanann fíorú ar shonraí astaíochtaí arna dtuairisciú de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo, agus breoslaí incháilithe CORSIA arna dtuairisciú de bhun Airteagal 5(6) den Rialachán seo, déanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe Ballstáit iad a chreidiúnú chun na críche sin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus de bhun an Rialacháin seo. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe aon cheanglas sonrach nach mór d'fhíoraitheoirí a chomhlíonadh chun an creidiúnú a fháil a leagan síos.

3. Chun úsáid breoslaí incháilithe CORSIA a fhíorú agus chun na laghduithe ar úsáid breoslaí incháilithe CORSIA arna dtuairisciú de bhun Airteagal 5(6) den Rialachán seo a fhíorú, ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 17(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.

4. Beidh fíorú úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA agus na laghduithe ar úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA bunaithe ar thaifid ar cheannach breosla, tuarascálacha idirbheart, taifid ar chumasc breosla, agus doiciméid deimhniúcháin maidir le breoslaí incháilithe CORSIA.

5. I gcás ina ndéanann an fíoraitheoir fíorú ar bhreoslaí incháilithe CORSIA arna dtuairisciú de bhun Airteagal 5(6), áiritheoidh an fíoraitheoir go gcuirfidh na gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéantar ar a chumas dó teacht ar chonclúid maidir leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) go bhfuil méid na laghduithe a éilítear ó úsáid breoslaí incháilithe CORSIA cothrom ar bhealach ábhartha agus gur léiriú cruinn é ar laghduithe le linn na tréimhse tuairiscithe, agus go dtacaíonn fianaise inmheánach agus sheachtrach leordhóthanach agus iomchuí leis;

(b) nár éiligh an t-oibreoir aerárthaigh freisin na baisceanna breoslaí incháilithe CORSIA a éilítear faoi aon scéim gás ceaptha teasa deonach nó sainordaitheach eile ar ghlac sé páirt iontu (i gcás ina bhféadfar breoslaí incháilithe CORSIA a éileamh), le linn na tréimhse CORSIA ábhartha, chomh maith leis an tréimhse CORSIA díreach roimh an tréimhse sin;

(c) go ndearna an t-oibreoir aerárthaigh faireachán, ríomh agus tuairisciú ar an úsáid a bhain sé as breoslaí incháilithe CORSIA le linn na tréimhse tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 5.

6. Nuair a dhéanann an fíoraitheoir fíorú ar bhreoslaí incháilithe CORSIA arna dtuairisciú de bhun Airteagal 5(6), áireofar an méid seo a leanas i raon feidhme an fhíorúcháin:

(a) aon nós imeachta inmheánach de chuid oibreora aerárthaigh le haghaidh breoslaí incháilithe CORSIA, lena n-áirítear rialuithe oibreora aerárthaigh chun a áirithiú go ndéanfar breoslaí incháilithe CORSIA a éilítear a dheimhniú amhlaidh le scéimeanna deimhniúcháin inbhuanaitheachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) seiceálacha nach bhfuil aon éileamh dúbailte ann maidir leis na baisceanna céanna breosla incháilithe CORSIA nó breosla eitlíochta malartach eile, go háirithe nach n-éilítear go n-úsáidtear breosla incháilithe CORSIA nó breoslaí eitlíochta malartacha eile a ceannaíodh i dtuarascáil níos luaithe, ná i scéim gás ceaptha teasa eile. Ba cheart aon neamhréireacht lasmuigh den tseiceáil shainordaitheach sin a áireamh sa tuarascáil fíorúcháin ionas go ndéanfaidh an Ballstát tuilleadh machnaimh uirthi;

(c) measúnú ar an riosca fíorúcháin agus athruithe iomchuí ar an bplean fíorúcháin á dtabhairt isteach;

(d) measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil rochtain leordhóthanach ar fhaisnéis ábhartha inmheánach agus sheachtrach chun muinín leordhóthanach a fháil i ngach éileamh breosla incháilithe CORSIA.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

7. Nuair a dhéanann an fíoraitheoir fíorú ar bhreoslaí incháilithe CORSIA arna dtuairisciú de bhun Airteagal 5(6) den Rialachán seo, áireofar sa tuarascáil fíorúcháin arna heisiúint de bhun Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 deimhniú go ndearnadh na seiceálacha dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, chomh maith le conclúidí maidir leis na cuspóirí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

8. Faoin 30 Samhain gach bliain, déanfaidh na Ballstáit liosta fíoraitheoirí atá creidiúnaithe ag comhlacht náisiúnta creidiúnaithe de chuid an Bhallstáit sin dá dtagraítear i mír 2, nó, i gcás inarb ábhartha, liosta nuashonraithe. a chur faoi bhráid Rúnaíocht EESI.

Airteagal 7

Tuairisciú ar chur ar ceal aonad astaíochtaí

1. I gcás nach nialas cainníocht an cheanglais fritháirimh CO_2 iomláin deiridh ar thug na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879, cuirfidh oibreoirí aerárthaigh tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí faoi bhráid a mBallstáit riaracháin, tuarascáil a fhíorófar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo agus cóip den tuarascáil fíorúcháin ghaolmhar faoin 30 Aibreán 2025 le haghaidh thréimhse CORSIA 2021 go 2023, agus faoin 30 Aibreán 2028 le haghaidh thréimhse CORSIA 2024 go 2026.

2. Beidh ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo sa tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí.

3. Ionas gur féidir aonaid astaíochtaí a thuairisciú mar aonaid chealaithe, déanfaidh oibreoirí aerárthaigh na haonaid astaíochtaí laistigh de chlárlann arna hainmniú ag clár aonad astaíochtaí a chur ar ceal agus iarrfaidh siad ar gach clárlann aonad astaíochtaí faisnéis a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin poiblí na clárlainne maidir le gach ceann d'aonaid astaíochtaí chealaithe an oibreora aerárthaigh le haghaidh na tréimhse ábhartha CORSIA. Maidir le gach baisc aonad astaíochtaí cealaithe, áireofar san fhaisnéis ar a laghad an fhaisnéis aitheantais chomhdhlúite a liostaítear i bpointe 5(a) go (i) agus i bpointe (l) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Fíorú tuarascálacha um chur ar ceal aonad astaíochtaí

1. Beidh fíorú tuarascálacha um chur ar ceal aonad astaíochtaí a cuireadh isteach de bhun Airteagal 7 den Rialachán seo, agus creidiúnú na bhfíoraitheoirí a dhéanann an fíorú sin, faoi réir na gceanglas céanna leo siúd a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, fíoraitheoirí a dhéanann fíorú ar thuarascálacha um chur ar ceal aonad astaíochtaí arna gcur isteach de bhun Airteagal 7 den Rialachán seo, déanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe Ballstáit iad a chreidiúnú chun na críche sin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus de bhun an Rialacháin seo. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta creidiúnaithe aon cheanglas sonrach nach mór d'fhíoraitheoirí a chomhlíonadh chun an creidiúnú a fháil a leagan síos.

3. Beidh gá le leibhéal dearbhaithe réasúnta le haghaidh gach fíorúcháin ar thuarascálacha um chur ar ceal aonad astaíochtaí.

4. Áiritheoidh an fíoraitheoir go gcuirfidh na gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanfar ar a chumas dó teacht ar chonclúid maidir leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) gur thuairiscigh an t-oibreoir aerárthaigh go cruinn cur ar ceal aonad astaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 7;

(b) gur leor líon na n-aonad astaíochtaí cealaithe a thuairiscítear chun ceanglais fritháirimh deiridh iomlána an oibreora aerárthaigh ar thug na Ballstáit fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 a bhaineann leis an tréimhse CORSIA ábhartha a chomhlíonadh, agus gur féidir leis an oibreoir aerárthaigh an t-aon cheart úsáide a léiriú maidir leis na haonaid astaíochtaí chealaithe sin;

(c) nár bhain an t-oibreoir aerárthaigh úsáid as na haonaid astaíochtaí a chealaigh an t-oibreoir aerárthaigh chun a cheanglais fritháirimh deiridh a chomhlíonadh chun aon astaíocht eile a fhritháireamh.

5. Léireoidh raon feidhme an fhíoraithe an tréimhse agus an fhaisnéis a chumhdaítear leis an tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí agus deimhneoidh an fíoraitheoir nár úsáideadh na haonaid astaíochtaí chealaithe a úsáideadh chun ceanglais fritháirimh deiridh an oibreora aerárthaigh a chomhlíonadh chun aon astaíocht eile a fhritháireamh.

6. Agus an fíorú á dhéanamh, ní bheidh fíoraitheoirí ag brath ar shampláil.

7. I gcás nach ndéanann fíoraitheoirí fíorú ach ar an tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí amháin, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh gan cuairt a thabhairt ar an láithreán. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar thoradh na hanailíse riosca agus tar éis an deimhnithe gur féidir rochtain chianda a fháil ar na sonraí ábhartha uile. Cuirfidh fíoraitheoirí an cinneadh sin in iúl don oibreoir aerárthaigh gan moill mhíchuí.

8. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IV ar a laghad sa tuarascáil fíorúcháin a bhaineann leis an tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí.

Airteagal 9

Tarchur sonraí ó na Ballstáit chuig EESI

1. Chun ríomh fhachtóir fáis na hearnála a éascú, tarchuirfidh na Ballstáit chuig Rúnaíocht EESI faoin 31 Iúil gach bliain na sonraí ábhartha a tuairiscíodh de bhun Airteagal 14 de Threoir 2003/87/CE agus de bhun an Rialacháin seo. Sula dtarchuirtear na sonraí sin, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceáil oird méadaíochta ar na sonraí atá le tarchur. An tráth céanna, déanfaidh na Ballstáit na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún freisin. Sna sonraí ábhartha sin, beidh ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás inarb infheidhme.

2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún cúnamh a iarraidh ó Eurocontrol chun cruinneas sonraí astaíochtaí a fheabhsú, d'fhonn sonraí a tharchur i gcomhréir le mír 1.

3. Má shainaithníonn an Ballstát ábhartha, an fíoraitheoir, nó an t-oibreoir aerárthaigh earráid sna sonraí arna dtuairisciú ag an oibreoir aerárthaigh tar éis na sonraí tuairiscithe a bheith curtha isteach de bhun mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Ballstát na sonraí tuairiscithe cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar an earráid. Déanfaidh an Ballstát measúnú ar aon impleacht maidir le ceanglais fritháirimh an oibreora aerárthaigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 sna blianta roimhe sin agus, más gá, déanfaidh sé coigeartú chun an earráid a chúiteamh le linn na tréimhse CORSIA inar sainaithníodh an earráid.

4. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le cur ar ceal aonad astaíochtaí faoin 31 Iúil 2025 le haghaidh thréimhse CORSIA 2021 go 2023, agus faoin 31 Iúil 2028 le haghaidh thréimhse CORSIA 2024 go 2026. a tharchur chuig Rúnaíocht EESI. Sula dtarchuirtear na sonraí sin, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceáil oird méadaíochta ar na sonraí atá le tarchur. An tráth céanna, déanfaidh na Ballstáit na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún freisin. Beidh ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn VI sna sonraí a tharchuirfear.

Airteagal 10

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603.

Déanfar tagairtí don Rialachán Tarmligthe aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 11

Foráil idirthréimhseach

Déanfar faireachán, tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí agus ar úsáid breoslaí incháilithe CORSIA a tharla ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Scéimeanna deimhniúcháin inbhuanaitheachta arna bhformheas ag CORSIA

(1) Deimhniúchán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta agus Carbóin

(2) An eagraíocht Roundtable on Sustainable Biomaterials (an eagraíocht RSB)

(3) SDI ClassNK

IARSCRÍBHINN II

Ábhar íosta na faisnéise forlíontaí a ghabhann le tuarascáil astaíochtaí bhliantúil oibreora aerárthaigh le haghaidh laghduithe ó úsáid gach éilimh breosla incháilithe CORSIA

(1) Faisnéis an oibreora aerárthaigh agus faisnéis tuairiscithe:

(a) ainm an oibreora aerárthaigh;

(b) seoladh an oibreora aerárthaigh;

(c) bliain tuairiscithe;

(2) Dáta ceannaigh an bhreosla incháilithe CORSIA íon;

(3) Táirgeoir an bhreosla incháilithe CORSIA íon a shainaithint:

(a) ainm tháirgeoir an bhreosla incháilithe CORSIA íon;

(b) seoladh tháirgeoir an bhreosla incháilithe CORSIA íon;

(4) Táirgeadh breosla:

(a) dáta táirgthe an bhreosla incháilithe CORSIA íon;

(b) suíomh táirgthe an bhreosla incháilithe CORSIA íon;

(c) uimhir aitheantais baisce gach baisce breosla incháilithe CORSIA íon;

(d) mais gach baisce breosla incháilithe CORSIA íon a tháirgtear;

(5) Cineál breosla:

(a) an cineál breosla (i.e., Jet-A, Jet-A1, TS-1, breosla eitlíochta Uimh. 3, Jet-B, AvGas);

(b) bunábhar a úsáidtear chun an breosla incháilithe CORSIA íon a chruthú;

(c) próiseas tiontaithe a úsáidtear chun breosla incháilithe CORSIA íon a chruthú;

(6) Breosla a ceannaíodh:

(a) cion na baisce breosla incháilithe CORSIA íon a ceannaíodh (arna slánú go dtí an % is gaire);

(b) mais iomlán gach baisce breosla incháilithe CORSIA íon a ceannaíodh (i dtonaí);

(c) mais breosla incháilithe CORSIA íon a ceannaíodh (i dtonaí);

(7) Fianaise gur breosla incháilithe CORSIA é an breosla de réir Airteagal 2, pointe (1), i.e. doiciméad deimhniúcháin bailí maidir le breosla incháilithe CORSIA;

(8) Luachanna astaíochtaí saolré an bhreosla incháilithe CORSIA mar a luaitear ar an doiciméad deimhniúcháin maidir le breosla incháilithe CORSIA:

(a) luach astaíochtaí saolré (LCEF) le haghaidh breosla incháilithe CORSIA ar leith, atá cothrom le suim phointí 8(b) agus 8(c) (in gCO_2e/MJ arna slánú go dtí an tslánuimhir is gaire);

(b) luach bunúsach an mheasúnaithe saolré (MSR) le haghaidh breosla incháilithe CORSIA ar leith (in gCO_2e/MJ arna slánú go dtí an tslánuimhir is gaire);

(c) luach ó athruithe ginte ar thalamhúsáid (AGTÚ) le haghaidh breosla incháilithe CORSIA ar leith (in gCO_2e/MJ arna shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire);

(9) Ceannaitheoir idirmheánach:

(a) ainm an cheannaitheora idirmheánaigh;

(b) seoladh an cheannaitheora idirmheánaigh;

(10) An páirtí atá freagrach as an mbreosla incháilithe CORSIA íon a sheoladh chuig an gcumascóir breosla:

(a) ainm an pháirtí atá freagrach as an mbreosla incháilithe CORSIA íon a sheoladh chuig an gcumascóir breosla;

(b) seoladh an pháirtí atá freagrach as an mbreosla incháilithe CORSIA íon a sheoladh chuig an gcumascóir breosla;

(11) Cumascóir breosla:

(a) ainm an pháirtí atá freagrach as breosla incháilithe CORSIA íon a chumasc le breosla eitlíochta;

(b) seoladh an pháirtí atá freagrach as breosla incháilithe CORSIA íon a chumasc le breosla eitlíochta;

(12) Suíomh ina ndéantar breosla incháilithe CORSIA íon a chumasc le breosla eitlíochta;

(13) An dáta a fuair cumascóir an breosla incháilithe CORSIA íon;

(14) Mais breosla incháilithe CORSIA íon a fuarthas (i dtonaí);

(15) Cóimheas cumaisc an bhreosla incháilithe CORSIA íon agus an bhreosla eitlíochta (arna slánú go dtí an % is gaire);

(16) Doiciméadacht lena léirítear go ndearnadh an bhaisc nó na baisceanna de bhreosla incháilithe CORSIA íon a chumasc le breosla eitlíochta (e.g., an Deimhniú Anailíse ina dhiaidh sin ar an mbreosla cumaisc);

(17) Mais breosla incháilithe CORSIA íon a éilítear (i dtonaí).

IARSCRÍBHINN III

Ábhar íosta na tuarascála um chur ar ceal aonad astaíochtaí ó oibreoir aerárthaigh chuig a Bhallstát riaracháin

(1) Faisnéis faoin oibreoir aerárthaigh:

(a) ainm an oibreora aerárthaigh;

(b) seoladh an oibreora aerárthaigh;

(c) faisnéis teagmhála an duine laistigh de chuideachta an oibreora aerárthaigh atá freagrach as an Tuarascáil um Chur ar Ceal Aonad Astaíochtaí;

(d) aitheantóir uathúil oibreora aerárthaigh;

(e) an Ballstát Riaracháin;

(2) Blianta sa tréimhse tuairiscithe CORSIA a ndéantar ceanglais fritháirimh a réiteach ina leith sa tuarascáil seo;

(3) Ceanglais fritháirimh deiridh iomlána an oibreora aerárthaigh (i dtonaí), de réir an Bhallstáit de bhun Airteagal 4(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879;

(4) Cainníocht iomlán na n-aonad astaíochtaí cealaithe chun na ceanglais fritháirimh deiridh iomlána i bpointe (3) a réiteach;

(5) Faisnéis aitheantais chomhdhlúite le haghaidh gach baisce d'aonaid astaíochtaí chealaithe:

(a) cainníocht aonad astaíochtaí cealaithe;

(b) tús na sraithuimhreacha;

(c) deireadh na sraithuimhreacha;

(d) dáta an chealaithe;

(e) clár na n-aonad astaíochtaí;

(f) cineál aonaid;

(g) tír óstach;

(h) modheolaíocht;

(i) incháilitheacht dáta aonaid a léiriú;

(j) ainm chlárlann na n-aonad astaíochtaí;

(k) aitheantóir uathúil le haghaidh an chuntais clárlainne ar cuireadh an bhaisc ar ceal ina leith;

(l) oibreoir aerárthaigh ar cuireadh an t-aonad ar ceal ina ainm;

(m) an t-aitheantóir uathúil le haghaidh an chuntais clárlainne ónar tionscnaíodh an cealú.

IARSCRÍBHINN IV

Ábhar íosta na tuarascála fíorúcháin a bhaineann leis an tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí ó oibreoir aerárthaigh chuig a Bhallstát riaracháin

(1) Ainmneacha an fhíoraitheora agus baill den fhoireann fíorúcháin;

(2) Leithdháileadh ama (lena n-áirítear aon athbhreithniú agus dáta);

(3) Raon feidhme an fhíorúcháin;

(4) Príomhthorthaí an mheasúnaithe ar an neamhchlaontacht agus ar sheachaint coinbhleachta leasa;

(5) Critéir ar fíoraíodh an tuarascáil um chur ar ceal aonad astaíochtaí ina n-aghaidh;

(6) Faisnéis agus sonraí an oibreora aerárthaigh a úsáideann an fhoireann fíorúcháin chun sonraí a chros-seiceáil agus gníomhaíochtaí fíorúcháin eile a dhéanamh;

(7) Príomhthorthaí na hanailíse straitéisí agus an mheasúnaithe riosca;

(8) Neamh-chomhréireachtaí agus míráitis a sainaithníodh (lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi ar réitíodh iad);

(9) Conclúidí maidir le fíorú na tuarascála um chur ar ceal aonad astaíochtaí (lena n-áirítear conclúid maidir le gach ceann de na cuspóirí fíorúcháin a liostaítear in Airteagal 8(4));

(10) An réasúnaíocht le haghaidh na tuairime maidir leis an bhfíorú a thug an fhoireann fíorúcháin;

(11) Torthaí an athbhreithnithe neamhspleách agus ainm an athbhreithneora neamhspleách;

(12) An tuairim deiridh maidir leis an bhfíorú.

IARSCRÍBHINN V

Ábhar na tuarascála ón mBallstát chuig Rúnaíocht EESI

CUID 1

Tuarascáil astaíochtaí bhliantúil ó Bhallstát chuig Rúnaíocht EESI

(1) Astaíochtaí bliantúla CO_2 iomlána in aghaidh an phéire stáit arna gcomhiomlánú le haghaidh gach oibreora aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát.

(2) Astaíochtaí bliantúla CO_2 iomlána le haghaidh gach oibreora aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát:

(a) astaíochtaí bliantúla CO_2 iomlána le haghaidh gach oibreora aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát (i dtonaí);

(b) léiriú ar cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh uirlis chun astaíochtaí a mheas.

(3) Iomlán na n-astaíochtaí bliantúla CO_2 comhiomlánaithe le haghaidh na bpéirí stáit uile atá faoi réir ceanglais fritháirimh le haghaidh gach oibreora aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát (i dtonaí) chun Fachtóir Fáis Bliantúil Earnála CORSIA a ríomh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879. Is astaíochtaí iad sin ó eitiltí idirnáisiúnta idir na Stáit uile a liostaítear sa doiciméad dar teideal 'Stáit CORSIA le haghaidh Péirí Stáit Chaibidil 3' a fhoilsíonn Rúnaíocht EESI go bliantúil.

(4) Iomlán na n-astaíochtaí bliantúla CO_2 comhiomlánaithe le haghaidh na bpéirí stáit uile nach bhfuil faoi réir ceanglais fritháirimh le haghaidh gach oibreora aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát (i dtonaí). Is astaíochtaí iad sin ó eitiltí idirnáisiúnta seachas iad siúd a liostaítear faoi phointe (3).

CUID 2

Faisnéis fhorlíontach maidir le breoslaí incháilithe CORSIA a ghabhann leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil ó Bhallstát chuig Rúnaíocht EESI

(1) An táirgeadh:

(a) bliain táirgthe breosla incháilithe CORSIA a éilítear;

(b) táirgeoir breosla incháilithe CORSIA;

(c) suíomh táirgthe an bhreosla incháilithe CORSIA íon.

(2) Baisc breosla incháilithe CORSIA:

(a) baisc-uimhreacha gach breosla incháilithe CORSIA a éilítear;

(b) mais iomlán gach baisce breosla incháilithe CORSIA a éilítear (i dtonaí).

(3) Breosla incháilithe CORSIA a éilítear:

(a) na cineálacha breosla (i.e. an cineál breosla, bunábhair agus próisis tiontaithe);

(b) mais iomlán an bhreosla incháilithe CORSIA íon (i dtonaí) in aghaidh an chineáil breosla atá á éileamh ag na hoibreoirí aerárthaigh uile a thuairiscíonn don Bhallstát riaracháin;

(c) luach astaíochtaí saolré (LCEF) le haghaidh breosla incháilithe CORSIA ar leith.

(4) Iomlán na laghduithe a éilítear ó úsáid breosla incháilithe CORSIA (i dtonaí), in aghaidh an chineáil breosla.

(5) Laghduithe iomlána arna éileamh ag gach oibreoir aerárthaigh a thuairiscíonn don Bhallstát riaracháin as úsáid breosla incháilithe CORSIA uile (i dtonaí).

IARSCRÍBHINN VI

Ábhar na tuarascála um chur ar ceal aonad astaíochtaí ó Bhallstát chuig Rúnaíocht EESI

(1) Oibreoirí aerárthaigh arna riar ag an mBallstát a bhfuil ceanglais fritháirimh acu sa tréimhse CORSIA a tuairiscíodh;

(2) Blianta sa tréimhse tuairiscithe CORSIA a ndéantar ceanglais fritháirimh a réiteach ina leith sa tuarascáil;

(3) Iomlán cheanglais fritháirimh chomhiomlánaithe deiridh na n-oibreoirí aerárthaigh (i dtonaí), de réir an Bhallstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879;

(4) Cainníocht comhiomlánaithe iomlán na n-aonad astaíochtaí cealaithe chun na ceanglais fritháirimh deiridh iomlána i bpointe (3) a réiteach;

(5) Faisnéis aitheantais chomhdhlúite le haghaidh gach baisce d'aonaid astaíochtaí chealaithe:

(a) cainníocht aonad astaíochtaí cealaithe;

(b) tús na sraithuimhreacha;

(c) deireadh na sraithuimhreacha;

(d) dáta an chealaithe;

(e) clár na n-aonad astaíochtaí;

(f) cineál aonaid;

(g) tír óstach;

(h) modheolaíocht;

(i) incháilitheacht dáta aonaid a léiriú;

(j) ainm chlárlann na n-aonad astaíochtaí.

IARSCRÍBHINN VII

Tábla comhghaoil

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
Airteagal 1(2)	Airteagal 1(1)
Airteagal 2(1)	Airteagal 1(2)
Airteagal 2(2)	–
Airteagal 2(3)	–
Airteagal 2(4)	Airteagal 1(2)
Airteagal 3(1)	Airteagal 4
Airteagal 3(2)	–
Airteagal 4	Airteagal 6(1)
Airteagal 5	Airteagal 3(1) agus (2)
Airteagal 6	Airteagal 9(2)
Airteagal 7	Airteagal 9(1)
Airteagal 8	–